TAILTE MÓNA, PORTAIGH AGUS BOGAIGH

Is limistéir iad bogaigh de thalamh atá faoi uisce, cosúil le portaigh agus eanaigh. Bíonn a gcuid fásra oiriúnaithe don saol faoi choinníollacha fliucha na hithreach.

Is tailte fliucha lán le hiontais iad portaigh, agus tá siad comhdhéanta d'ábhar marbh na bplandaí. Móin a thugtar ar an ábhar seo go coitianta. Tailte móna nó portaigh a thugtar ar limistéir a charnann móin. Is meallta móra móna atá cruinneachánach iad portaigh ardaithe, atá le feiceáil ar iar-lochanna i gceantar lár tíre na hÉireann. An príomhfhoinse uisce atá acu ná uisce báistí. Is mósáic de thulóga agus loig, locháin agus lochanna é dromchla an phortaigh. An príomhthréith ná fásra atá ag fás ag leibhéal íseal agus toim de chaonaigh sfagnaim ildathacha. Tá na plandaí ar fad a fhásann ar phortaigh ardaithe oiriúnaithe do choinníollacha síorfhliucha, aigéadacha agus nochtaithe na gnáthóige.

Is córas bogaigh é eanach le leibhéal ard uisce a shuíonn go buan ar nó díreach faoi bhun an dromchla. An príomhfhoinse cothaithigh ná uisce dromchla nó screamhuisce agus is ithir mhóna alcaileach í an ithir. Is tearmainn shíochánta iad eanaigh atá lán le fiadhúlra - is ann atá cuid de na hiontais nádúrtha is sine in Éirinn le feiceáil. Tá os cionn 600 speiceas de mhamaigh, fheithidí agus éin agus 200 speiceas plandaí taifeadta ar eanaigh na hÉireann. Tá eanaigh le feiceáil mórthimpeall na tíre, ach is san iarthar agus sna ceantair lár tíre a fheictear iad den chuid is mó. Is féidir iad a roinnt ina dhá mhórghrúpa, eanaigh topaiginiúla agus eanaigh soliginiúla, ag brath ar an topagrafaíocht agus hidreolaíocht a bhaineann leo. Is iad eanaigh an chéad chéim d'fhoirmiú an phortaigh ardaithe.

Is tearmainn thábhachtacha iad bogaigh na hÉireann do mhórán fiadhúlra. Coinnigh do shúile agus do chluasa ar oscailt nuair atá tú ag siúl trasna bogaigh; beidh gach nóiméad líonta le fiadhúlra agus eispéiris iontacha. Tug na snáthaidí móra faoi deara le luas lasrach fúthu agus iad ag fiach creiche, nó féileacáin atá amuigh faoin ngrian ar lá samhraidh. Éist le scréach an chrotaigh nó glór cabach an ghealbhain giolcaí. Airigh an talamh creatha taobh thíos díot, mar a bháitear gach coiscéim agus uisce le haireachtáil mórthimpeall do chosa. Fáisc na caonaigh sfagnaim go bog chun an t-uisce atá stóráilte iontu a scaoileadh. Bolaigh bláthanna an fhraoigh agus cuardaigh peitil ghlébhuí sciollaim na móna nó barra dearga an chaipín dheirg. Ar mhaithe leis an ngnáthóg luachmhar seo agus an fiadhúlra a bhaineann léi, cuimhnigh fanacht leis na cosáin shainithe i gcónaí nuair atá cuairt á thabhairt agat.

BAGAIRTÍ DON GHNÁTHÓG

Sa chéad bliain a chuaigh thart, cailleadh beagnach 92 faoin gcéad de ghnáthóga portaigh ardaithe na hÉireann. Mar thoradh ar mhóin a bhaint de láimh go traidisiúnta le 400 bliain anuas le húsáid sa bhaile cailleadh 46% de thailte móna. Chuir forbairt thionsclaíoch agus úsáid móna chun leictreachas a ghiniúint, chomh maith lena úsáid mar mhúirín inár ngairdíní, leis an gcaillteanas sna gnáthóga ar thailte móna freisin. Ar an mbealach céanna tháinig laghdú de bheagnach 79 faoin gcéad ar ár ngnáthóga eanaigh, trí mhíntíriú ar mhaithe le cúrsaí talmhaíochta don chuid is mó. Tarlaíonn saibhriú cothaitheach san uisce i mbogaigh toisc dumpáil neamhdhleathach sna ceantair tuaithe seo ar bhonn leanúnach, agus milltear luach scéimhe na tírdhreacha iontu. Nuair a thugtar speiceas coimhthígh de phlandaí neamhdhúchasacha cosúil leis an ascaid, an róslabhras, an gunnaire agus an péine contórtach isteach, treascraíonn siad lusanna fiáine agus ainmhithe dúchasacha ag milleadh na gnáthóige dóibh. Bíonn na bagairtí seo roimh bhogaigh na hÉireann gach lá. Tá siad ag cruthú caillteanas dochúlaithe maidir lenár ngnáthóga bogaigh agus a mbithéagsúlacht phlandaí agus fhiadhúlra.

CAD IS FÉIDIR LE DAOINE A DHÉANAMH CHUN AN GHNÁTHÓG A CHOSAINT

Tá sé tábhachtach go ndéanfadh gach duine againn beart chun stop a chur leis an gcaillteanas bithéagsúlachta in Éirinn, agus chun cinntiú gur féidir leis na glúinte atá romhainn taitneamh a bhaint as tailte fliucha na hÉireann atá lán le hiontais. Is féidir leat é seo a dhéanamh trí bheith rannpháirteach in eagraíocht náisiúnta atá ag obair leis na limistéir seo a chosaint (cosúil le Comhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann) nó le grúpa i do cheantar féin atá ag obair chun láithreán áitiúil a chosaint. Osclaíodh draenacha ar go leor dá gcuid gnáthóga bogaigh, rinneadh dumpáil orthu nó rinne speicis choimhthíocha ionradh orthu. Déan obair dheonach le campaí oibre a dhéanann draenacha a bhlocáil, bruscar a ghlanadh agus speicis choimhthíocha a bhaint ó na suíomhanna seo. Tabhair cuairt ar bhogach chun oideachas a chur oraibh féin, ar bhur gcairde agus ar bhur gclanna faoi bhagairtí atá roimh na gnáthóga speisialta seo. Bí i mbun faireachais ar bhogaigh i do limistéar féin, agus déan gníomhaíochtaí neamhdhleathacha – cosúil le dumpáil dramhaíola – a thuairisciú chuig d'údarás áitiúil. Caithfimid dul i mbun gnímh anois má táimid ag iarraidh a chinntiú go dtiocfaidh bogaigh na hÉireann slán.

TUILLEADH EOLAIS

- Comhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann: *www.ipcc.ie*
- An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra: *www.npws.ie*
- Fearainn na Páirce, Loch Buaraí: *www.loughbooraparklands.com*
- Bogland Project: *www.ucd.ie/bogland*
- Bord na Móna: *www.bnm.ie*
- An Chomhairle Oidhreachta: *www.heritagecouncil.ie*
- Tionscadal Athchóirithe Portaigh na hÉireann: *www.irishbogrestorationproject.ie*